# Scéim nua i nGaoth Dobhair

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéim nua séarachais atá beartaithe le fada do Ghaoth Dobhair. Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo? Pléigh na tuairimí atá agat leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte tugaigí buille faoi thuairim.

**Ceist 2** Cén Ghaeilge atá ar na focail agus frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- a complete reassessment
- funding
- infrastructural proposal
- hydroelectric station
- the delay
- Department of the Environment
- scattered
- Member of Parliament
- period of a few weeks

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

**Ceist 3** Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo.

i. Déan plé leis an duine in aice leat faoin méid a bhí le rá ag na daoine seo a leanas:

***An Teachta Dála, Dinny McGinley***
***An Teachta Dála, Pearse Doherty***

ii. Cén fáth ar luadh Phil Hogan agus Matt Carthy sa mhír?

**Ceist 4** Cén chanúint atá ag na cainteoirí ar fad? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh? An dtuigeann tú canúint amháin níos fearr ná na cinn eile sa Ghaeilge? Cad í agus cén fáth a dtuigeann tú níos fearr an chanúint sin?

**Ceist 5** '…níos lú…'

Breischéim na haidiachta 'beag' atá i gceist leis an sampla thuas. Is aidiacht neamhrialta é. Cad faoi na cinn seo anois?

| beag | níos lú | is lú |
|---|---|---|
| mór | _____ | _____ |
| álainn | _____ | _____ |
| dian | _____ | _____ |
| fada | _____ | _____ |
| maith | _____ | _____ |
| olc | _____ | _____ |
| ramhar | _____ | _____ |

te _____ _____

**Ceist 6** '…d'admhaigh sé…'

Féach ar na habairtí seo agus breac síos na rialacha a bhaineann leis an aimsir chaite (briathra rialta).

Ar chuir tú na litreacha sa phost?
Chuir.
Níor chuir.

Ar ól tú *Football Special* riamh?
D'ól.
Níor ól.

Déan cur síos ar an lá a bhí agat inné, ag úsáid na mbriathra seo thíos. Bí cúramach! Is briathra neamhrialta ceithre cinn díobh.

éirigh
ith
téigh
faigh
déan

**Ceist 7** '…cruinniú..'

Féach ar na leaganacha difriúla den ainmfhocal 'cruinniú'. Lean an patrún céanna chun na bearnaí a líonadh. Ná déan dearmad den riail 'leathan le leathan agus caol le caol'.

an cruinniú
ionad an chruinnithe
na cruinnithe
tábhacht na gcruinnithe

an fáiltiú
cuireadh _____
na _____
gloiní na _____

an scrúdú
faid _____
na _____
tábhacht _____

an socrú
am _____
na _____
dátaí _____

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**
Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

**Ceist 2**
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

a complete reassessment – *athbhreithniú iomlán*
funding – *maoiniú*
infrastructural proposal – *togra infreastruchtúir*
hydroelectric power station – *stáisiún hidrileictreach (*hidrileictreachais *a bhí sa mhír)*
the delay – *an mhoill*
Department of the Environment – *An Roinn Comhshaoil*
scattered – *scaipthe*
Member of Parliament – *Feisire*
period of a few weeks – *tréimhse cúpla seachtain*

**Ceist 3**
Féach an script.

**Ceist 4**
Canúint Uladh atá ag na cainteoirí ar fad seachas Eimear Ní Chonaola. Seo cuid de na focail agus de na frásaí a bhí sa mhír a chuireann canúint Uladh in iúl:

- ag an chruinniú (is é sin, séimhiú seachas urú sa tuiseal tabharthach)
- go fóill
- seo a chuaigh thart
- fosta
- iontach scaipthe
- a thoiseacht
- tchíonn muid
- fán scéim

**Ceist 5**

| | | |
|---|---|---|
| beag | níos lú | is lú |
| mór | *níos mó* | *is mó* |
| álainn | *níos áille* | *is áille* |
| dian | *níos déine* | *is déine* |
| fada | *níos faide* | *is faide* |
| maith | *níos fearr* | *is fearr* |
| olc | *níos measa* | *is measa* |
| ramhar | *níos raimhre* | *is raimhre* |
| te | *níos teo* | *is teo* |

**Ceist 6**
Séimhítear fréamh an bhriathair, dar tús consan, chun an aimsir chaite a chumadh: C**h**uir mé an litir sa phost. / C**h**eannaigh sé an iris ar maidin. / T**h**osaigh an rang in am.

Cuirtear **d'** roimh bhriathra a thosaíonn le guta: **D'**ordaigh muid na leabhair. / **D'**ól sibh an tae.

Cuirtear **d'** roimh bhriathra a thosaíonn le **f** agus séimhítear an **f**: **D'fh**oghlaim mé é sin ar scoil. / **D'fh**reastail mé ar na ranganna.

***Ar*** an mhír cheisteach agus ***níor*** an mhír dhiúltach a úsáidtear roimh bhriathra rialta san aimsir chaite. Pléifear na briathra neamhrialta ar fad san aimsir chaite amach anseo.

D'éirigh mé…; Níor éirigh mé…; Ar éirigh tú…?
D'ith mé…; Níor ith mé…; Ar ith tú…?
Chuaigh mé…; Ní dheachaigh mé…; An ndeachaigh tú…?
Fuair mé…; Ní bhfuair mé…; An bhfuair tú…?
Rinne mé…; Ní dhearna mé…; An ndearna tú…?

**Ceist 7**
an fáiltiú
cuireadh *an fháiltithe*
na *fáiltithe*
gloiní na *bhfáiltithe*

an scrúdú
faid *an scrúdaithe*
na *scrúduithe*
tábhacht *na scrúduithe*

an socrú
am *an tsocraithe*
na *socruithe*
dátaí *na socruithe*

**Eimear Ní Chonaola**
Thug an Teachta Dála, Dinny McGinley, le fios go bhfuil Uisce Éireann anois ag iarraidh athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an scéim séarachais a bhí ceadaithe do Ghaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall. D'fhógair an rialtas maoiniú don scéim dhá bhliain ó shin ach níl tús curtha fós leis an obair.

**Ailbhe Ó Monacháin**
I mí na Samhna 2013 d'fhógair an tIar-Aire Comhshaoil, Phil Hogan, i nGaoth Dobhair go gcuirfí €13 milliún ar fáil do scéim séarachais sa cheantar. Tá caint ar an scéim seo le níos mó ná daichead bliain. Ag an chruinniú sin i nGaoth Dobhair, dhá bhliain ó shin, d'admhaigh Phil Hogan go raibh caint ar an scéim séarachais do Ghaoth Dobhair le blianta fada. D'admhaigh sé go mbeadh an togra ar an togra infreastruchtúir is mó sa pharóiste ó tógadh an stáisiún hidrileictreachais anseo i 1954. Dhá bhliain níos déanaí mar sin féin, níl oiread is píopa amháin féin leagtha do scéim séarachais Ghaoth Dobhair go fóill. Tá an mhoill curtha ar an scéim ag bunú Uisce Éireann, atá ag iarraidh athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna séarachais agus uisce.

**Dinny McGinley, TD**
Bhí cruinniú agam féin leo Déardaoin seo a chuaigh thart fosta, i mBaile Átha Cliath, agus deir siadsan nach bhfuil siad sásta ar chor ar bith leis an scéim a bhí ullmhaithe ag an Roinn Comhshaoil agus an scéim a d'fhógair Phil Hogan. Síleann siad go bhfuil sé iontach scaipthe, agus paróiste iontach scaipthe í[1] seo, agus deir siadsan gurb é an deacracht atá acu ná gur chóir go mbeadh, in áit scéim mhór amháin ó cheann amháin den pharóiste go dtí an ceann eile, go mbeadh cúpla scéim níos lú ann.

**Ailbhe Ó Monacháin**
Ach tá brú breise ar an rialtas anois ó tharla go bhfuil Coimisiún na hEorpa[2] le próiseas a thoiseacht[3] ina n-éadan, fán[4] mhoill atá ar an scéim séarachais. Tá fáilte curtha ag Sinn Féin roimhe seo, ós rud é gurb é a Fheisire Eorpach siúd, Matt Carthy, a thug tuairisc don Choimisiún ar an mhoill.

**Pearse Doherty, TD**
Is é an rud anois atá tugtha le fios ón Choimisinéir chuig Sinn Féin ná go bhfuil siad anois...gur chuir siad ar an eolas an stát go raibh siad á dhéanamh seo, go bhfuil cás anois á thabhairt in éadan an stáit mura bhfuil an stát ábalta a dheimhniú go rachaidh an scéim séarachais ar aghaidh. An tábhacht atá ag baint leis seo ná tchíonn muid áiteanna eile a tharla seo gur chuir sin brú ar na húdaráis chuí…

**Ailbhe Ó Monacháin**
Tá tréimhse cúpla seachtain ag an rialtas le freagra a thabhairt don Choimisiún ar an mhéid atá beartaithe acu a dhéanamh fán scéim.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4, i nGaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall.

[1] Is ainmfhocal baininscneach é *paróiste* i gcanúint Uladh
[2] *An Coimisiún Eorpach* an teideal oifigiúil
[3] *tosú* an leagan caighdeánach
[4] *faoin* an leagan caighdeánach